OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# QA220 Aguisín 1: Torthaí i gcás Sárú Mic Léinn ar Shláine Acadúil

Athbhreithniú: 1 Meán Fómhair 2026

Tá an aguisín seo de bhun an Pholasaí Sláine Acadúil. Is iad seo a leanas a chinnfidh toradh an mhí-iompair:

a. Na pointí a ríomh d'iompar an mhic léinn.
b. Na pointí a ríomh do chomhthéacs an mhí-iompair (ó gach cuid den tábla).
c. Na pointí a shuimiú ón iompar agus ón gcomhthéacs.
d. An toradh cuí a chinneadh bunaithe ar na fachtóirí seo, a d’fhéadfaí a mhaolú má bhíonn cúinsí atruacha nó láidre i gceist.

Sampla de ríomh:

| | Pointí |
|---|---|
| Pointí don Iompar: | |
| Pointí don Chomhthéacs: Leibhéal an Mhic Léinn | |
| Pointí don Chomhthéacs: Mí-iompar roimhe seo | |
| Pointí don Chomhthéacs: Rún an Sárú a Cheilt | |
| Iomlán | |

## Pointí:

| Iompar an mhic léinn (úsáid pointí ó cheann den aon chuid déag) | | Pointí i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú<br>Gan bheith chomh tromchúiseach Níos tromchúisí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bradaíl | 1. Suas le dhá phíosa bradaíola nó comhpháirt arb ionann iad agus suas le 5% den tasc measúnaithe. | 2 | | | | |
| | 2. Mar a chéile le Clásal 1 ach bradaíl déanta ar ghnéithe criticiúla* | | 4 | | | |

| Iompar an mhic léinn (úsáid pointí ó cheann den aon chuid déag) | | Pointí i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú<br>Gan bheith chomh tromchúiseach Níos tromchúisí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 3. Suas le ceithre phíosa bradaíola nó comhpháirt arb ionann iad agus suas le 20% den tasc measúnaithe. | | | | | |
| | 4. Mar a chéile le clásal 3 ach bradaíl déanta ar ghnéithe criticiúla*.<br>5. Bradaíl déanta ar idir 20% agus 50% den tasc measúnaithe. | | | 6 | | |
| | 6. Mar a chéile le clásal 5 ach bradaíl déanta ar ghnéithe criticiúla*.<br>7. Bradaíl déanta ar bhreis agus 50% den tasc measúnaithe. | | | | 8 | |
| Caimiléireacht ar Conradh | 8. Ag iarraidh ar dhuine éigin eile tasc iomlán nó cuid de a chríochnú thar ceann an mhic léinn.<br>9. Ag tairiscint tasc iomlán nó cuid de a scríobh do mhac léinn. | | | | 8 | |
| | 10. Mír mheasúnaithe iomlán nó cuid de a cuireadh ar fáil don mhac léinn a chur isteach ag maíomh gur obair an mhic léinn í.<br>11. Tasc iomlán nó cuid de thasc a dhéanamh do mhac léinn.<br>12. A gcuid oibre measúnaithe féin a dháileadh ar mhaithe le sochar pearsanta, go díreach nó trí thríú páirtí, rud a d'fhéadfadh sárú ar shláine acadúil a éascú. | | | | | 16 |
| Úsáid a bhaint as Intleacht Shaorga | 13. Mír mheasúnaithe iomlán nó cuid de a táirgeadh trí úsáid a bhaint as intleacht shaorga (e.g. Google Translate nó seirbhísí/bogearraí meaisínaistriúcháin eile, Intleacht Shaorga ghiniúnach, etc.) a chur isteach ag maíomh gurb í obair an mhic léinn féin í. | | | 7 | | |
| Claonpháirteachas | 14. Suas le dhá phíosa nó chomhpháirt arb ionann iad agus suas le 5% den tasc measúnaithe. | 2 | | | | |
| | 15. Mar a chéile le Clásal 14 ach claonpháirteachas déanta ar ghnéithe criticiúla*<br>16. Suas le ceithre phíosa nó chomhpháirt arb ionann iad agus suas le 20% den tasc measúnaithe. | | 4 | | | |

| Iompar an mhic léinn (úsáid pointí ó cheann den aon chuid déag) | | Pointí i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú<br>Gan bheith chomh tromchúiseach Níos tromchúisí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 17. Mar a chéile le Clásal 16 ach claonpháirteachas déanta ar ghnéithe criticiúla*<br>18. Idir 20% agus 50% den tasc measúnaithe. | | | 6 | | |
| | 19. Mar a chéile le Clásal 18 ach claonpháirteachas déanta ar ghnéithe criticiúla*<br>20. Níos mó ná 50% den tasc measúnaithe. | | | | 8 | |
| | 21. A gcuid oibre a chur ar fáil do mhac léinn eile roimh an spriocdháta, nó chun críche sárú mac léinn eile ag am ar bith | Mar is cuí (2-8) | | | | |
| Neamhchomhlíonadh le treoracha nó riachtanais mheasúnaithe nó scrúdaithe (i gcás scrúduithe nach cuid de sceideal oifigiúil scrúduithe na hollscoile iad ó Oifig na Scrúduithe) | 22. Seilbh neamhúdaraithe ar áiseanna nó ar fhaisnéis sa scrúdú gan úsáid.<br>23. Teip cloí le treoracha faoin measúnú nó faoin scrúdú (e.g. labhairt le linn scrúdaithe) | 2 | | | | |
| | 24. Áiseanna neamhúdaraithe nó faisnéis a úsáidtear sa scrúdú.<br>25. Cumarsáid labhartha nó eile idir mac léinn agus aon duine neamhúdaraithe le linn an scrúdaithe a bhaineann le hábhar an scrúdaithe. | | | 6 | | |
| | 26. Cóip de cheisteanna nó ábhar scrúdaithe, nó tasc measúnaithe atá le cur i gcrích faoi choinníollacha sábháilte, a sholáthar do dhuine eile<br>27. Faisnéis theoranta maidir le measúnú a sholáthar do dhuine eile gan cead a fháil ó stiúrthóir an scrúdaithe nó ó úinéir an mhodúil. | | | | 8 | |
| | 28. Faisnéis theoranta a fháil ó dhuine eile maidir le measúnú gan cead a fháil ó stiúrthóir an scrúdaithe nó ó úinéir an mhodúil. | | | | | 16 |
| Pearsanú a dhéanamh (do | 29. Ag iarraidh ar dhuine eile áit an mhic léinn a ghlacadh i scrúdú nó do thasc measúnaithe eile. | | | | 8 | |

| Iompar an mhic léinn (úsáid pointí ó cheann den aon chuid déag) | | Pointí i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú<br>Gan bheith chomh tromchúiseach Níos tromchúisí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| mheasúnú/scrúdu ithe nach cuid de sceideal oifigiúil scrúduithe na hollscoile iad ó Oifig na Scrúduithe) | 30. Cead a thabhairt do dhuine eile an scrúdú nó an tasc measúnaithe a chur i gcrích in áit an mhic léinn.<br>31. Mac léinn eile a phearsanú i dtasc scrúdaithe nó measúnaithe. | | | | | 16 |
| Calaois | 32. Cáipéisíocht bhréagach a chruthú nó a sholáthar, maidir le riachtanais mheasúnaithe nó spriocdhátaí nó breithniú speisialta, lena n-áirítear admhálacha ar thascanna measúnaithe a bheith leagtha isteach agus deimhnithe leighis a fhalsú. | | | | 8 | |
| | 33. Cáipéisíocht bhréagach a chruthú nó a sholáthar, maidir le:<br>a. Iontráil chuig an Ollscoil, lena n-áirítear taifid acadúla bhréagacha a sholáthar<br>b. Torthaí measúnaithe<br>c. Dul chun cinn acadúil | | | | | 16 |
| Athúsáid ar obair a rinneadh roimhe seo | 34. Saothar duine féin a chur isteach, a foilsíodh roimhe seo nó a cuireadh isteach le haghaidh measúnaithe, gan lua cuí. | 2 | | | | |
| Úsáid láithreáin comhroinnte comhad | 35. Aon ábhar (measúnú, nótaí, sleamhnáin, etc.) a uaslódáil ó mhodúl san Ollscoil go dtí láithreán tríú páirtí is cuma an raibh aon tairbhe infheicthe ag an mac léinn a bhí i gceist. | | 4 | | | |
| Bealaí chun sláine acadúil a shárú a chur chun cinn | 36. Eolas a roinnt le mic léinn eile faoi bhealaí chun sláine acadúil a shárú nó sárú ar shláine acadúil a éascú seachas trína gcuid oibre féin a dháileadh. (Féach 12 thuas) | | | | | 10 |
| Falsú | 37. Sonraí, torthaí nó foinsí a bhréagnú, a chumadh, a athrú nó a mhíléiriú. | | | 8 | | |

| Iompar an mhic léinn (úsáid pointí ó cheann den aon chuid déag) | | Pointí i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú<br>Gan bheith chomh tromchúiseach Níos tromchúisí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mí-lua | 38. Lena n-áirítear luanna nó tagairtí míchruinne, míthreoracha, bréagacha, nó dofhíoraithe ar shlí eile.<br>39. Mar a chéile le Clásal 38 ach mí-lua déanta ar ghnéithe criticiúla* | | 4 | 7 | | |
| Sáruithe eile ar shláine acadúil | 40. Arna ríomh i gcoibhneas le saincheisteanna a bhfuil an tábhacht chéanna leo thuas. | Mar is cuí (2-16) | | | | |

* Is ionann gnéithe criticiúla agus príomhsmaointe atá lárnach sa mheasúnú.

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

| Comhthéacs (cuir pointí leis ó gach ceann de na trí chuid) | | Pointí i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú<br>Gan bheith chomh tromchúiseach Níos tromchúisí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Leibhéal Taithí an Mhic Léinn | 41. Mic léinn sa chéad bhliain de bhunchéim, sa chéad bhliain de dhisciplín, nó sa chéad bhliain in ollscoil Éireannach (nó inchomparáide) ag leibhéal fochéime | 1 | | | | |
| | 42. Mic léinn sa dara bliain d’fhochéim | | | 3 | | |
| | 43. Mic léinn atá ina dtríú bliain nó níos airde d’fhochéim (seachas iad siúd a bhfuil cuntas orthu in 41 thuas) nó iarchéim | | | | | 5 |
| Sáruithe ar shláine acadúil roimhe seo, ag cur san áireamh am le haghaidh forbairt scileanna cuí | 44. An chéad sárú | 1 | | | | |
| | 45. An dara sárú | | | | 4 | |
| | 46. An tríú sárú nó sárú ina dhiaidh sin | | | | | 5 |
| An rún sárú ar shláine acadúil a cheilt | 47. Níl aon fhianaise ar ghníomh d'aon ghnó chun sárú ar shláine acadúil a cheilt a luaithe a tuairiscíodh an sárú don Chomhairleoir. | 0 | | | | |
| | 48. Fianaise ar ghníomh d’aon ghnó chun sárú ar shláine acadúil (seachas an sárú a cheilt) nuair a bhí an sárú tuairiscithe don Chomhairleoir. | | | | | 6 |

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

## Torthaí

| Pointí | Torthaí |
|---|---|
| 1-4 | Oiliúint maidir le sláine acadúil a thabhairt chun críche agus iontráil ar an gClár Mí-Iompair Acadúil |
| 5-8 | Oiliúint maidir le sláine acadúil a thabhairt chun críche, iontráil ar an gClár Mí-Iompair Acadúil agus aon cheann díobh seo a leanas:<br>• Gan marc ar bith a thabhairt do chuid ar leith den tasc measúnaithe<br>• Measúnú marcáilte ach caitear le píosaí bradaíola mar shleachta díreacha<br>• An obair a chur isteach arís don raon iomlán marcanna atá ar fáil<br>• Laghdú ar na marcanna don mheasúnú faoin méid sonraithe<br>• Déanann an mac léinn an measúnú arís agus cuireann isteach arís é do mharc nach mó ná 50%<br><br>Ina theannta sin, moltar go mór go dtabharfadh an mac léinn faoi oiliúint i scileanna staidéir. |
| 9-12 | Oiliúint maidir le sláine acadúil a thabhairt chun críche, iontráil ar an gClár Mí-Iompair Acadúil agus aon cheann díobh seo a leanas:<br>• Laghdú ar na marcanna don mheasúnú faoin méid sonraithe.<br>• Gan marc ar bith a thabhairt do chuid ar leith den tasc measúnaithe<br>• Déanann an mac léinn an measúnú arís agus cuireann isteach arís é do mharc nach mó ná 50%<br>• An tasc a chur isteach arís ach le topaic eile (roghnach: le haghaidh marc nach mó ná 50%)<br><br>Ina theannta sin, moltar go mór go dtabharfadh an mac léinn faoi oiliúint i scileanna staidéir. |

| Pointí | Torthaí |
|---|---|
| 13-15 | Oiliúint maidir le sláine acadúil a thabhairt chun críche, iontráil ar an gClár Mí-Iompair Acadúil agus aon cheann díobh seo a leanas:<br>• Gan marc ar bith a thabhairt do chuid ar leith den tasc measúnaithe<br>• Gan marc ar bith a thabhairt don tasc measúnaithe<br>• Gan marc ar bith a thabhairt don mhodúl†<br><br>Ina theannta sin, moltar go mór go dtabharfadh an mac léinn faoi oiliúint i scileanna staidéir. |
| 16-20 | Oiliúint maidir le sláine acadúil a thabhairt chun críche, iontráil ar an gClár Mí-Iompair Acadúil agus aon cheann díobh seo a leanas:<br>• Gan marc ar bith a thabhairt don tasc measúnaithe<br>• Gan marc ar bith a thabhairt don mhodúl†<br>• Fionraí ón gclár nó ón Ollscoil ar feadh seimeastair le ceart uathoibríoch chun filleadh†<br>• Díbirt ón gclár nó ón Ollscoil ar feadh suas le 2 sheimeastar gan aon cheart uathoibríoch fillte (ní mór don mhac léinn iarratas a dhéanamh chun é/í a ligean isteach arís)†<br><br>Ina theannta sin, moltar go mór go dtabharfadh an mac léinn faoi oiliúint i scileanna staidéir. |

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

| Pointí | Torthaí |
|---|---|
| 21+ | Oiliúint maidir le sláine acadúil a thabhairt chun críche, iontráil ar an gClár Mí-Iompair Acadúil agus aon cheann díobh seo a leanas:<br>• Gan marc ar bith a thabhairt don mhodúl†<br>• Fionraí ón gclár nó ón Ollscoil ar feadh seimeastair le ceart uathoibríoch chun filleadh†<br>• Díbirt ón gclár nó ón Ollscoil ar feadh suas le 3 sheimeastar gan aon cheart uathoibríoch fillte (ní mór don mhac léinn iarratas a dhéanamh chun é/í a ligean isteach arís)†<br>• Díbirt iomlán ón gclár†<br>• Díbirt ón Ollscoil gan deis ar bith dul isteach arís ar chlár Ollscoil na Gaillimhe, lena n-áirítear deireadh a chur le hardchéim trí iarrthóireacht taighde†<br>• Gan an Chéim a bhronnadh†<br>• Moladh don Chomhairle Acadúil go gcuirfí an chéim ar ceal†<br><br>Ina theannta sin, moltar go mór go dtabharfadh an mac léinn faoi oiliúint i scileanna staidéir. |

†Ní féidir leis an Déan Feidhmiúcháin na torthaí seo a ghearradh ach amháin ar mholadh ón Oifigeach Sláine Acadúla.

Is féidir meáchan an taisc laistigh de mhodúl a chur san áireamh agus an toradh ón raon a chuirtear ar fáil á roghnú.

I gcásanna ina bhfaightear amach gur tharla mí-iompar acadúil i measúnú do chéim taighde, is féidir torthaí a liostaíodh thuas a chinneadh (nó a oiriúnú go cuí), mar a d'fhéadfaí na moltaí atá ar fáil do scrúdaitheoirí tráchtas céime taighde a chinneadh chomh maith (féach QA245 Treoirlínte na hOllscoile do Chéimeanna Taighde).).

Tá an cur chuige seo curtha in oiriúint ó 'Schedule A: Outcomes for student breach of academic integrity' de chuid Ollscoil Deakin a forbraíodh ón 'Benchmark Plagiarism Tarriff' le Peter Tennant agus Gill Rowell, plagiarismadvice.org